

An Foras Pátrúnachta

Aighneacht don Roinn Oideachais agus Scileanna ar ról an reiligiúin shainchreidmhigh sa phróiseas iontrála scoile.

Achoimre.

Tá An Foras Pátrúnachta ag feidhmiú go rathúil mar phatrún ar scoileanna lán-Ghaeilge le 24 bliain anuas. Is Pátrún Náisiúnta é a bhunaíonn agus a bhainistíonn scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal. Freastalaíonn ár scoileanna ar dhaltaí ó chuile cheantar, chúlra, agus aicme agus ar dhaltaí ó na creidimh éagsúla agus siúd gan chreideamh.

Tacaímid lenár scoileanna oideachas den scoth a sholáthar agus pobail scoile Gaelach a chruthú. Déantar é seo trí idirghabháil a dhéanamh leis na heagrais náisiúnta Ghaeilge/Ghaelacha agus trí thacú leis na boird bhainistíochta, leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí cleachtais atá ar bharr feabhais a roinnt.

Chuir AFP beartais Tumoideachais agus Éitis i leith na Gaeilge i bhfeidhm a threoraigh oideachas agus forbairt na bpobal Gaeilge go ceannrdaíoch. Is é AFP an t-aon Phátrún atá ag feidhmiú go heisióch ar mhaithe leis an Oideachas Lán-Ghaeilge.

Bunaíodh AFP chun rogha a thabhairt do thuismitheoirí. Aithnítear an gá freastal ar mhianta tuismitheoirí agus iad ag lorg rogha scoileanna de shainspiorad éagsúla dá bpáistí. Thug AFP an rogha seo do thuismitheoirí ón tús ó gur faoi thuismitheoirí bunaithe é sainspiorad Caitliceach, Idirchreidmheach nó Ilchreidmheach a roghnú. Is é dearcadh an Fhorais Phátrúnachta áfach nach n-úsáidtear baisteadh mar chríteir iontrála do pháistí a lorgaíonn áit in aon cheann dár scoileanna.

Na Ceithre Roghanna – Dearcadh AFP

Is é dearcadh AFP gurb é cur chuige 4 – Toirmeasc glan amach ar chreideamh a úsáid mar fhachtóir iontrála scoileanna stáitmhaoinithe in éineacht le haisghairm glan amach d’alt 7(3)(c) dem Acht um Stadas Comhionann an t-aon chur chuige nach dtiocfadh salach ar chuspóir sonraithe AFP go gcuirtear fáilte roimh gach dhalta in ár scoileanna beag beann ar chreideamh/gan chreideamh a bheith ag dalta. Ní bheadh sé inghlactha iachall a chur ar thuismitheoirí comhaontú go gcomhoibreoidh siad le héiteas reiligiúnach na scoile mar go dtiocfadh sé seo salach ar a gceart freastal ar a rogha scoile ina gceantar féin.

Caoimhín Ó hEaghra

Ard-Runaí

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Aguisín 1

Ráiteas Oscailte

Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge

An Comhchoiste um Oideachas agus Scileanna - 7 Samhain 2016

Gabhann An Foras Pátrúnachta buíochas leis an gcoiste as ucht an cuireadh ár seasamh agus ár dtuairimí i leith na ceiste fíorthábhachtaí seo dár mbunscoileanna agus dár meánscoileanna a chur faoi bhur mbráid agus a phlé.

Tá AFP ag feidhmiú go rathúil mar phatrún ar scoileanna lán-Ghaeilge le 24 bliain anuas. Is Pátrún Náisiúnta é a bhunaíonn agus a bhainistíonn scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an dara leibhéal. Freastalaíonn ár scoileanna ar dhaltaí na tíre beag beann ar cheantar, ar chúlra agus ar aicme. Tá sé mar bhunaidhm againn na hinniúileachtaí, na hacmhainní agus an t-eolas chun oideachas lán Ghaeilge den scoth ag an mbun agus ag an meánleibhéal a chur ar fáil do gach dalta sa tír a roghnaíonn é.

Bunaíodh AFP chun rogha a thabhairt do thuismitheoirí. Aithnítear an gá freastal ar mhianta thuismitheoirí agus iad ag lorg rogha scoileanna de shainspiorad éagsúla dá bpáistí. Thug AFP an rogha seo do thuismitheoirí ón tús ó gur faoi thuismitheoirí bunaithe é sainspiorad Caitliceach, Idirchreidmheach nó Ilchreidmheach a roghnú don scoil.

Fáiltíonn An Foras Pátrúnachta roimh chóras iontrála a chinnteodh uileghabhálacht, oscailteacht agus trédhearcacht, córas a d'fhéadfadh muintir na tíre a bheith muiníneach as. Is bunchlocha an bhille seo na prionsabail seo.

Is cúis imní don Fhoras Pátrúnachta nach bhfuil suntas tugtha sa bhille seo ná i ráitis an Aire le déanaí don gcomhthéacs ar leith ina fheidhmíonn gaelscoileanna i gcoitinne agus na scoileanna faoinár bpátrúnacht go háirithe.

Ní fheictear dúinn go mbeidh sé de chead ag scoileanna lán-Ghaeilge tosaíocht a thabhairt do pháistí atá á dtógáil trí Ghaeilge, bíodh sí mar theanga teaghlaigh nó mar theanga tuismitheora/caomhnóra amháin ná tosaíocht a thabhairt do dhaltáí atá ag aistriú ó bhunscoil lán-Ghaeilge go meánscoil lán-Ghaeilge.

Maímid go mba chóir aitheantas a thabhairt do seo sa bhille.

Cúlra

Glactar faoi láthair le gach iarrthóir i gcás gach ceann dár scoileanna a bhfuil spás iontu agus leanfar leis an gcleachtas sin.

Easpa Soláthair

De bharr easpa soláthair i roinnt ceantar áfach, tá sé dosheachanta go bhfuil ró-éileamh i roinnt dár scoileanna. Cruthaíonn sé seo míshástacht i measc tuismitheoirí nach féidir leo oideachas lán-Ghaeilge a fháil dá bpáistí agus téann sé i gcoinne ár mbeartais shonraithe oideachas lán Ghaeilge a chur ar fáil do gach dalta sa tír a roghnaíonn é agus ár scoileanna a bheith uileghabhálach agus oscailte.

Creidimid mar sin gur cuid mhór den réiteach ná breis scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú ionas go mbeidh fáil ag páistí na tíre ar an gcineál oideachais seo.

Ta tacaíocht traspháirtí ann do "**STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010 – 2030**" agus creidimid gur croílár chur i bhfeidhm na straitéise sin í an ghaelscolaíocht. Ní mór don bhille seo an straitéis a thacú agus a láidriú.

Páistí á dtógáil le Gaeilge

Feidhmíonn scoileanna lán-Ghaeilge chun oideachas a chur ar fáil, chun pobal

Gaeilge a fhorbairt agus chun freastal ar theaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge.

Is mionlach an-bheag iad na teaghlaigh lán-Ghaeilge laistigh den chóras oideachais lán-Ghaeilge (3%). Tá sé an-dúshlánach páistí a thógáil le Gaeilge gan

na tacaíochtaí cuí a bheith ar fáil ón stáit. Léirítear trí thaighde gur ceann de na tacaíochtaí is tábhachtaí do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge ná an córas oideachais.

Cuireann oideachas lán-Ghaeilge le cumas Gaeilge agus Béarla an pháiste atá á thógáil sa mhionteanga, an Ghaeilge. Léiríonn taighde nach bhfuil sé seo fíor má tá ar an bpáiste freastal ar scoil Bhéarla. Dá bhrí sin tá dualgas orainn áit a sholáthar don pháiste seo. Dátheangachas suimitheach agus ní dátheangachas déalaitheach atá uainn.

Tacaíonn páistí ó theaghlaigh lán-Ghaeilge le pobal na scoile uile tríd a líofacht, a n-úsáid nádúrtha den teanga agus trí léiriú beo do na páistí eile gur rud nádúrtha í an teanga a labhairt i ngach gné dá saol. Spreagann sé agus tacaíonn siad lena páistí eile.

Feidhmíonn scoileanna an Fhorais Phátrúnachta i gcomhthéacs ar leith sa chaoi is go soláthraíonn siad éagsúlacht chultúrtha agus teanga trí mheán na teanga mar aon le héagsúlacht sainspiorad, beag beann ar aicme, creideamh, eitneacht nó ceantar tríd ár gcóras tumoideachais.

Feicfidh gur rud nádúrtha dóibh féin, dá scoileanna agus dá dteaghlaigh bheith mar chuid de shochaí Ghaeilge agus Ghaelach.

Chun oideachas lán-Ghaeilge den scoth a sholáthar, chun pobail Gaeilge a fhorbairt agus chun freastal ar theaghlaigh lán-Ghaeilge feictear dúinn gur riachtanach na céimeanna a leanas.

1. I gcás na scoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil ró-éileamh orthu, go mbeidh sé de cheart acu tosaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh acu agus an critéar seo a chur ina mbeartas iontrála.
2. I gcás meánscoileanna lán-Ghaeilge a bhfuil ró-éileamh orthu, go mbeidh sé de chead acu tosaíocht a thabhairt do pháistí a bhfuil an Ghaeilge mar

teanga theaghlaigh nó do pháistí atá ag freastal ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Conclúid

Iarraimid ar an gcoiste dul i gcion ar leasú agus ar chur i bhfeidhm an bhille seo sa chaoi is go mbeidh cead ag scoil lán-Ghaeilge critéir a thugann tosaíocht do pháistí a bhfuil Gaeilge acu a leagan amach agus iad a chur i bhfeidhm sa chás go mbíonn ró-éileamh ar an scoil. Is cosaint bhunúsach é seo ar an gcóras tumoideachais agus rud a chinnteoidh inmharthanacht na teanga. Go raibh maith agaibh as ucht bhur gcuid ama agus éisteachta.